



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2024

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Gnó

Gnáthleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuilleanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

AN ARDTEISTIMÉIREACTH: GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL 2024

SCÉIM MHARCÁLA

Roinn 1 100 marc

Freagair 10 cheist – 10 marc ag gabháil le gach ceist

CEIST	SCÉIM MHARCÁLA	MARCANNA IOMLÁN
1	1 ^ú téarma 1+1+1 3m 2 ^ú téarma 1+1+1+1 4m 3 ^ú téarma 1+1+1 3m	10
2	Dhá iontráil: @5m an ceann	10
3	Ceithre chiorcal: 3m + 3m + 2m + 2m	10
4	Ceithre tic: 3m + 3m + 2m + 2m	10
5	Dhá fhreagra: @5m (3 +2) an ceann	10
6	Dhá fhreagra: @5m an ceann	10
7	Ceithre fhreagra: 3m + 3m + 2m + 2m	10
8	Ceithre fhreagra: 3m + 3m + 2m + 2m	10
9	Trí iontráil: 4m + 3m + 3m	10
10	Trí iontráil: 4m + 3m + 3m	10
11	Dhá fhreagra: @5m (3 +2) an ceann	10
12	Trí iontráil: 4m + 3m + 3m	10
13	Trí iontráil: 4m + 3m + 3m	10
14	Trí iontráil: 4m + 3m + 3m	10
15	Cúig fhreagra: @ 2 mharc an ceann	10

ROINN 2 -300 MARC

CUID 1

Ceist 1

(A)	(i) Dlí na dTomhaltóirí	10 marc (5 fhocal @ 2m an ceann)	10
(B)	(i) Dhá fhoráil (ii) Dhá chineál sásaimh	@ 5 mharc an ceann (4m + 1m) @ 5 mharc an ceann (4m + 1m)	20
(C)	(i) Míniú: (ii) Aon chineál amháin	5 mharc (4m + 1m) 10 marc (7m + 3m))	15
(D)	Dhá thairbhe:	10 marc (7m + 3m) 5 mharc (4m + 1m)	15
(E)	Dhá fheidhm:	10 marc (7m + 3m) 5 mharc (4m + 1m)	15
	Marcanna Ar Fáil		75

Ceist 2

(A)	(i) Míniú: (ii) Dhá theascóg:	5 mharc (3m + 2m) @ 5 mharc an ceann	15
(B)	Dhá dhúshlán:	10 marc (7m + 3m) 5 mharc (4m + 1m)	15
(C)	Aon mhíniú amháin:	10 marc (5m + 5m)	10
(D)	Trí cháin: Aon tionchar amháin:	@ 5 mharc an ceann 5 mharc (4m + 1m)	20
(E)	Dhá thairbhe:	10 marc (7m + 3m) 5 mharc (4m + 1m)	15
	Marcanna Ar Fáil		75

Ceist 3

(A)	(i) Ríomh (ii) Barrachas/Easnamh	6 fhiigiúir @ 1m an ceann Fiigiúir amháin @ 4m (2 + 2) 5 mharc	15
(B)	Dhá thairbhe:	10 marc (7m + 3m) 5 mharc (4m + 1m)	15
(C)	Trí mhíniú:	7 marc (4m + 3m) 7 marc (4m + 3m) 6 mharc (4m + 2m)	20
(D)	Dhá shampla:	7 marc + 3 mharc	10
(E)	Dhá dhúshlán:	10 marc (7m + 3m) 5 mharc (4m + 1m)	15
	Marcanna Ar Fáil		75

Ceist 4

(A)	Trí chúis:	7 marc (5m + 2m) 7 marc (5m + 2m) 6 mharc (5m + 1m)	20
(B)	Aon mhodh amháin:	7 marc + 3 mharc	10
(C)	Dhá chleachtas	10 marc (7m + 3m) 5 mharc (4m + 1m)	15
(D)	Eagraíocht:	@ 10 marc an ceann (3 + 3 + 2 + 2)	10
(E)	Trí mhíniú:	7 marc (4m + 3m) 7 marc (4m + 3m) 6 mharc (4m + 2m)	20
	Marcanna Ar Fáil		75

CUID 2**Ceist 5**

(A)	Dhá mhíniú:	8 marc (4m + 4m) 7 marc (4m + 3m)	15
(B)	(i) Dhá chéim: (ii) Sainaithe:	7 marc + 3 mharc 10 marc (5m + 5m)	20
(C)	Dhá thairbhe:	10 marc (7m + 3m) 5 mharc (4m + 1m)	15
(D)	Dhá mhíbhuntáiste:	10 marc (7m + 3m) 5 mharc (4m + 1m)	15
(E)	Aon dualgas amháin:	10 marc (5m + 5m)	10
	Marcanna Ar Fáil		75

Ceist 6

(A)	Dhá thairbhe:	10 marc (7m + 3m) 5 mharc (4m + 1m)	15
(B)	Dhá árachas:	10 marc (7m + 3m) 5 mharc (4m + 1m)	15
(C)	Dhá mhíniú:	@ 10 marc an ceann (6m + 4m)	20
(D)	Aon mhíniú amháin:	10 marc (5m + 5m)	10
(E)	Trí thoisc:	@ 5 mharc an ceann	15
	Marcanna Ar Fáil		75

Ceist 7

(A)	Dhá chineál:	10 marc (7m + 3m) 5 mharc (4m + 1m)	15
(B)	Dhá mhíniú :	10 marc (7m + 3m) 5 mharc (4m + 1m)	15
(C)	(i) Dhá ní : (ii) Dhá ní:	@ 5m an ceann @ 5m an ceann	20
(D)	Dhá iarmhairt:	10 marc (7m + 3m) 5 mharc (4m + 1m)	15
(E)	Míniú:	10 marc (7m + 3m))	10
	Marcanna Ar Fáil		75

Ceist 8

(A)	(i) Míniú: (ii) Aon mhodh amháin	10 marc (6m + 4m) @ 5 mharc	15
(B)	(i) Míniú: (ii) Léiriú	10 marc (6m + 4m) 10 marc (3m + 3m + 2m + 2m) Nó 10 marc (3m + 3m + 4m)	20
(C)	Míniú:	10 marc (6m + 4m)	10
(D)	Dhá theicníc:	10 marc (7m + 3m) 5 mharc (4m + 1m)	15
(E)	Dhá thairbhe:	8 marc (4m + 4m) 7 marc (4m + 3m)	15
	Marcanna Ar Fáil		75

Ceist 9

(A)	(i) Aon mhodh amháin: (ii) Míniú	10 marc (7m + 3m) 5 mharc (4m + 1m)	15
(B)	Dhá chúis:	10 marc (7m + 3m) 5 mharc (4m + 1m)	15
(C)	Dhá fheidhm:	10 marc (7m + 3m) 5 mharc (4m + 1m)	15
(D)	Dhá chúis:	10 marc (7m + 3m) 5 mharc (4m + 1m)	15
(E)	Dhá mhíniú:	8 marc (4m + 4m) 7 marc (4m + 3m)	15
	Marcanna Ar Fáil		75

AN ARDTEISTIMÉIREACTH: GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL

FREAGRAÍ a mBEIFÍ AG SÚIL LEO - 2024

Roinn 1

Ceisteanna Gearrfhreagra

100 marc

C.	Freagraí A Mbeifí Ag Súil Leo	Marcanna
1.	Céard dó a seasann na litreacha seo a leanas? UMB: Uathmheaisín Bainc CCÚT: Cáin Choinneála ar Ús Taisce RCB: Ráta Céatadánach Bliantúil	10m 3 4 3
2.	Roghnaigh na téarmaí cuí chun an abairt a chríochnú. Toghann saoránaigh an Aontais Eorpaigh baill Pharlaimint na hEorpa go díreach. Cinntíonn Cúirt Iniúchóirí na hEorpa go gcaitear buiséad an Aontais mar is ceart.	10m 5 5
3.	Cuir ciorcal thart ar an rogha cheart i ngach ceann de na ráitis seo a leanas. (i) Roinneann struchtúr feidhmiúil an gnólacht ina ranna/shuíomhanna tíreolaíochta. (ii) Tagraítear do struchtúr eagraíochta atá bunaithe ar fhoireann mar struchtúr maitrise/ táirge. (iii) Ciallaíonn réise chúng / leathan rialúcháin go bhfuil líon mór fostaithe ag tuairisciú do bhainisteoir amháin. (iv) Baineann díshrathú le sraitheanna fostaithe a chur leis / a bhaint den ghnólacht.	10m 3 3 2 2

4.	Léirigh le tic (✓) sa bhosca ceart, an modh leathnaithe lena mbaineann gach ceann de na ráitis thíos. <table><tr><th>Ráiteas</th><th>Cumasc</th><th>Sain- theadúnas</th><th>Táth- cheangal</th><th>Comh- ghuaillíocht Straitéiseach</th></tr><tr><td>Ceadaíonn Subway d’úinéirí gnólachtaí eile a mhodh gnó agus a lógó a úsáid ar tháille agus ar chéatadán de na brabúis.</td><td></td><td>✓</td><td></td><td></td></tr><tr><td>Nasc Apple go sealadach le Mastercard nuair a chuir said Apple Pay amach.</td><td></td><td></td><td></td><td>✓</td></tr><tr><td>Nasc Disney agus Pixar a ngnólachtaí le chéile go buan chun cuideachta nua a chruthú.</td><td>✓</td><td></td><td></td><td></td></tr><tr><td>Cheannaigh Coca-Cola níos mó ná 51% de scaireanna Costa Coffee le bheith mar úinéir mar air.</td><td></td><td></td><td>✓</td><td></td></tr></table>	Ráiteas	Cumasc	Sain- theadúnas	Táth- cheangal	Comh- ghuaillíocht Straitéiseach	Ceadaíonn Subway d’úinéirí gnólachtaí eile a mhodh gnó agus a lógó a úsáid ar tháille agus ar chéatadán de na brabúis.		✓			Nasc Apple go sealadach le Mastercard nuair a chuir said Apple Pay amach.				✓	Nasc Disney agus Pixar a ngnólachtaí le chéile go buan chun cuideachta nua a chruthú.	✓				Cheannaigh Coca-Cola níos mó ná 51% de scaireanna Costa Coffee le bheith mar úinéir mar air.			✓		10m 3 3 2 2
Ráiteas	Cumasc	Sain- theadúnas	Táth- cheangal	Comh- ghuaillíocht Straitéiseach																							
Ceadaíonn Subway d’úinéirí gnólachtaí eile a mhodh gnó agus a lógó a úsáid ar tháille agus ar chéatadán de na brabúis.		✓																									
Nasc Apple go sealadach le Mastercard nuair a chuir said Apple Pay amach.				✓																							
Nasc Disney agus Pixar a ngnólachtaí le chéile go buan chun cuideachta nua a chruthú.	✓																										
Cheannaigh Coca-Cola níos mó ná 51% de scaireanna Costa Coffee le bheith mar úinéir mar air.			✓																								
5.	Tabhair breac-chuntas ar dhá bhealach a bhféadfadh gnólacht a bheith níos neamhdhíobhálaí don timpeallacht. - Dramhaíl a íoslaghdú/a dhiúscairt go sábháilte; pacáistiú a laghdú; agus pacáistiú a úsáid atá neamhdhíobhálach don timpeallacht. - Modhanna táirgthe níos glaine: foinse fuinnimh in-athnuaite a úsáid amhail cumhacht ghaoithe nó grianchumhacht. - Iniúchtaí timpeallachta rialta a dhéanamh chun léargas neamhspleách a fháil ar thionchar an ghnólachta ar an timpeallacht. - Feithiclí a úsáid atá éiceabhách, amhail gluaisteáin leictreacha nó hibrideacha. - Feasacht: feasacht a chothú i measc na foirne ar an tábhacht a bhaineann le bheith neamhdhíobhálach don timpeallacht. - Ba cheart don ghnólacht iarracht a lorg carbóin a laghdú trí ábhair a fháil go háitiúil. - D’fhéadfadh an gnólacht cód eitice a bhunú a leagfadh amach na dea-shamplaí iompair a mbeifí ag súil leo ón bhfostaí nó ón ngnólacht agus é ag déileáil leis an timpeallacht.	10m 3 + 2 3 + 2																									

6.	Saolré Táirge: (i) Sainaithin an chéim a thaispeántar, a bhfuil an lipéad céim 3 uirthi: Aibíocht (ii) Sainaithin céim i saolré táirge ag a dtiteann na díolacháin: Sáithiú / Laghdú	10m																																				
		5																																				
		5																																				
7.	Scríobh an focal FÍOR nó BRÉAGACH i ndiaidh gach ceann de na ráitis seo a leanas. <table><tr><th>Ráiteas</th><th>Fíor nó Bréagach</th></tr><tr><td>Fanann costais athraitheacha mar an gcéanna is cuma cé mhéad aonad d’earra a tháirgtear.</td><td>Bréagach</td></tr><tr><td>Is é atá sa phointe meá ar mheá ná an pointe ag a bhfuil ioncam agus costais cothrom lena chéile.</td><td>Fíor</td></tr><tr><td>Is sampla de chostas seasta é cíós.</td><td>Fíor</td></tr><tr><td>Is é atá sa lamháil sábháilteachta ná díolacháin tuartha lúide an pointe meá ar mheá.</td><td>Fíor</td></tr></table>	Ráiteas	Fíor nó Bréagach	Fanann costais athraitheacha mar an gcéanna is cuma cé mhéad aonad d’earra a tháirgtear.	Bréagach	Is é atá sa phointe meá ar mheá ná an pointe ag a bhfuil ioncam agus costais cothrom lena chéile.	Fíor	Is sampla de chostas seasta é cíós.	Fíor	Is é atá sa lamháil sábháilteachta ná díolacháin tuartha lúide an pointe meá ar mheá.	Fíor	10m																										
Ráiteas	Fíor nó Bréagach																																					
Fanann costais athraitheacha mar an gcéanna is cuma cé mhéad aonad d’earra a tháirgtear.	Bréagach																																					
Is é atá sa phointe meá ar mheá ná an pointe ag a bhfuil ioncam agus costais cothrom lena chéile.	Fíor																																					
Is sampla de chostas seasta é cíós.	Fíor																																					
Is é atá sa lamháil sábháilteachta ná díolacháin tuartha lúide an pointe meá ar mheá.	Fíor																																					
		3																																				
		3																																				
		2																																				
		2																																				
8 .	Ríomh an pá glan bliantúil a thugann Ian Ó Cionnaith abhaile leis ó na sonraí seo a leanas. <table><tr><td>Ainm: Ian Ó Cionnaith</td><td>€</td><td>€</td><td>€</td></tr><tr><td>Pá comhlán</td><td></td><td></td><td>38,000</td></tr><tr><td>Asbhaintí:</td><td></td><td></td><td></td></tr><tr><td>ÍMAT: (20% de €38,000) -Creidmheas Cánach</td><td>7,600 <u>- 3,550</u></td><td></td><td></td></tr><tr><td>ÍMAT glan</td><td></td><td>A €4,050</td><td></td></tr><tr><td>ÁSPC: (4% de €38,000)</td><td></td><td>B €1,520</td><td></td></tr><tr><td>MSU: (3% de €38,000)</td><td></td><td>C 1,140</td><td></td></tr><tr><td>Asbhaintí iomlána:</td><td></td><td></td><td>D €6,710</td></tr><tr><td>Pá Glan Bliantúil a Thógtar abhaile</td><td></td><td></td><td>E €31,290</td></tr></table> Más gá, ceadaiigh marc amháin in aghaidh an fhíor/an mhodha oibre.	Ainm: Ian Ó Cionnaith	€	€	€	Pá comhlán			38,000	Asbhaintí:				ÍMAT: (20% de €38,000) -Creidmheas Cánach	7,600 <u>- 3,550</u>			ÍMAT glan		A €4,050		ÁSPC: (4% de €38,000)		B €1,520		MSU: (3% de €38,000)		C 1,140		Asbhaintí iomlána:			D €6,710	Pá Glan Bliantúil a Thógtar abhaile			E €31,290	10m
Ainm: Ian Ó Cionnaith	€	€	€																																			
Pá comhlán			38,000																																			
Asbhaintí:																																						
ÍMAT: (20% de €38,000) -Creidmheas Cánach	7,600 <u>- 3,550</u>																																					
ÍMAT glan		A €4,050																																				
ÁSPC: (4% de €38,000)		B €1,520																																				
MSU: (3% de €38,000)		C 1,140																																				
Asbhaintí iomlána:			D €6,710																																			
Pá Glan Bliantúil a Thógtar abhaile			E €31,290																																			
		3																																				
		3																																				
		2																																				
		2																																				
9.	Meaitseáil an míniú leis an ngníomhaireacht/eagraíocht Stáit ábhartha. <table><tr><th>Míniú</th><th>Gníomhaireacht / Eagraíocht</th></tr><tr><td>Cuidíonn sí le gnólaictaí Éireannacha leathnú amach go dtí margaí eachtracha.</td><td>Fiontraíocht Éireann</td></tr><tr><td>Soláthraíonn sí oiliúint, meantóireacht agus cúnamh deontais d’fhiontraithe atá ag bunú a ngnólaicta.</td><td>Oifig Fiontair Áitiúil</td></tr><tr><td>Meallann sí cuideachtaí ilnáisiúnta agus cuideachtaí domhanda lena ngnó a bhunú in Éirinn.</td><td>GFT Éireann</td></tr></table>	Míniú	Gníomhaireacht / Eagraíocht	Cuidíonn sí le gnólaictaí Éireannacha leathnú amach go dtí margaí eachtracha.	Fiontraíocht Éireann	Soláthraíonn sí oiliúint, meantóireacht agus cúnamh deontais d’fhiontraithe atá ag bunú a ngnólaicta.	Oifig Fiontair Áitiúil	Meallann sí cuideachtaí ilnáisiúnta agus cuideachtaí domhanda lena ngnó a bhunú in Éirinn.	GFT Éireann	10m																												
Míniú	Gníomhaireacht / Eagraíocht																																					
Cuidíonn sí le gnólaictaí Éireannacha leathnú amach go dtí margaí eachtracha.	Fiontraíocht Éireann																																					
Soláthraíonn sí oiliúint, meantóireacht agus cúnamh deontais d’fhiontraithe atá ag bunú a ngnólaicta.	Oifig Fiontair Áitiúil																																					
Meallann sí cuideachtaí ilnáisiúnta agus cuideachtaí domhanda lena ngnó a bhunú in Éirinn.	GFT Éireann																																					
		4																																				
		3																																				
		3																																				

10.	Sainaithin na trí ghné eile a bhaineann le hanailís LLDB/LDDB. 1. Láidreachtaí 2. Laige/Dúshlán 3. Deiseanna 4. Baoil / bagairtí LLDB/LDDB	10m 4 3 3								
11.	Tabhair breac-chuntas ar dhá mhodh a bhféadfadh gnólacht úsáid a bhaint astu chun an infhiontraíocht a spreagadh. - Spreagann dámhachtain d’fhostaí na míosa na fostaithe - Tugann cláir oiliúna deis d’fhostaithe aithne níos fearr a chur ar an ngnólacht - Luach saothair amhail bónas nó sciar de bhrabúis - Am a chuirtear ar leataobh do smaointe na bhfostaithe féin - Spreagann obair foirne fostaithe chun smaointe a roinnt - Bosca moltaí – lorg bealaí éagsúla chun an gnólacht a fheabhsú.	10m 3 + 2 3 + 2								
12.	Comhlánaigh an tábla agus an réiteach ceart á mheaitseáil ar shárú conartha leis an míniú comhfhreagrach. <table><tr><td>Míniú</td><td>Ordaíonn an Breitheamh an conradh a chomhlíonadh</td><td>Cuirtear an conradh ar ceal</td><td>Íoctar suim airgid leis an bpáirtí eile.</td></tr><tr><td>Réiteach</td><td>Sain-chomhlíonadh</td><td>An Conradh a Chealú</td><td>Cúiteamh</td></tr></table>	Míniú	Ordaíonn an Breitheamh an conradh a chomhlíonadh	Cuirtear an conradh ar ceal	Íoctar suim airgid leis an bpáirtí eile.	Réiteach	Sain-chomhlíonadh	An Conradh a Chealú	Cúiteamh	10m 4 3 3
Míniú	Ordaíonn an Breitheamh an conradh a chomhlíonadh	Cuirtear an conradh ar ceal	Íoctar suim airgid leis an bpáirtí eile.							
Réiteach	Sain-chomhlíonadh	An Conradh a Chealú	Cúiteamh							
13.	Críochnaigh na céimeanna i gcruthú foirne: 1. Foirmiú 2. Ransú 3. Normú 4. Feidhmiú	10m 4 3 3								

14.	Scríobh Poiblí nó Príobháideach i ndiaidh gach ceann de na ráitis seo a leanas chun a chur in iúl cé acu atá an ráiteas ag tagairt do Chuideachta Phoiblí Theoranta nó do Chuideachta Phríobháideach Theoranta. <table><tr><td></td><td>Ráiteas</td><td>Poiblí nó Príobháideach</td></tr><tr><td>(i)</td><td>Is féidir leis an gcuideachta caipiteal a chruinniú trí scaireanna a dhíol leis an bpobal ar an stocmhargadh.</td><td>Poiblí</td></tr><tr><td>(ii)</td><td>Is féidir leis an gcuideachta seo uasmhéid de 149 scairshealbhóir a bheith aici.</td><td>Príobháideach</td></tr><tr><td>(iii)</td><td>Ní mór CPT (PLC) a scríobh i ndiaidh ainm na cuideachta.</td><td>Poiblí</td></tr></table>		Ráiteas	Poiblí nó Príobháideach	(i)	Is féidir leis an gcuideachta caipiteal a chruinniú trí scaireanna a dhíol leis an bpobal ar an stocmhargadh.	Poiblí	(ii)	Is féidir leis an gcuideachta seo uasmhéid de 149 scairshealbhóir a bheith aici.	Príobháideach	(iii)	Ní mór CPT (PLC) a scríobh i ndiaidh ainm na cuideachta.	Poiblí	10m 4 3 3			
	Ráiteas	Poiblí nó Príobháideach															
(i)	Is féidir leis an gcuideachta caipiteal a chruinniú trí scaireanna a dhíol leis an bpobal ar an stocmhargadh.	Poiblí															
(ii)	Is féidir leis an gcuideachta seo uasmhéid de 149 scairshealbhóir a bheith aici.	Príobháideach															
(iii)	Ní mór CPT (PLC) a scríobh i ndiaidh ainm na cuideachta.	Poiblí															
15.	Meaitseáil na dTearmaí Gnó le Míniúcháin: <table><tr><td>1.</td><td>2.</td><td>3.</td><td>4.</td><td>5.</td></tr><tr><td>E</td><td>A</td><td>F</td><td>B</td><td>D</td></tr><tr><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td></tr></table>	1.	2.	3.	4.	5.	E	A	F	B	D						10m 5 x 2m
1.	2.	3.	4.	5.													
E	A	F	B	D													

ROINN 2 - 300 MARC

CEIST 1

	Freagraí Féideartha	Marcanna
(A)	Ainmnigh an dlí tomhaltóra a chosnaíonn Lily sa chás seo. An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980	10m 2+2+2+2+2
(B)	(i) Tabhair breac-chuntas ar dhá fhoráil sa dlí a d'ainmnigh tú thuas atá ábhartha i gcás Lily. - Tá an miondíoltóir freagrach as aon lochtanna ar na táirgí a dhíoltar agus ní mór dó déileáil le haon ghearáin seachas a bheith ag tarchur ar ais chuig an monaróir. - Tá sé de cheart ag Lily sásamh ceart a fháil, m.sh., deisiú, aisíocaíocht nó earra ionaid. - Ní mór d'earraí a bheith ar cháilíocht indíoltachta – ar chaighdeán nó ar cháilíocht réasúnta. - Ní mór d'earraí a bheith oiriúnach don fheidhm atá beartaithe – ní mór don táirge an tasc díreach a dearadh dó a dhéanamh. (ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá chineál sásaimh atá Lily ina dteideal sa chás thuas. Aisíocaíocht: An t-airgead a íocadh as an táirge a thabhairt ar ais don tomhaltóir. Má cheannaíonn tomhaltóir earra lochtach agus má dhéanann sé/sí gearán go pras beidh sé/sí i dteideal aisíocaíocht iomlán airgid. Earra ionaid: Féadfar malartú a sholáthar freisin, m.sh., samhail nua den cháilíocht chéanna nó den cháilíocht chomhchosúil, i.e., macasamhail chruinn den táirge i riocht foirfe. Deisiú: Féadfaidh an miondíoltóir tairiscint a dhéanamh an táirge lochtach a dheisiú don tomhaltóir.	20m 4 + 1 4 + 1 4 + 1 4 + 1

(C)	(i) Mínigh an téarma ‘oibriú de réir rialach’. Ciallaíonn sé seo nuair nach ndéanann na fostaithe ach na cúraimí atá scríofa ina sainchuntas poist/conradh fostaíochta. Cloíonn oibrithe le rialacha a gconarthaí fostaíochta de réir ‘fhuairlitir an dlí’. (ii) Seachas oibriú de réir rialach, tabhair breac-chuntas ar ghníomhaíocht thionsclaíoch de chineál amháin eile. Stailc Oifigiúil: ní théann fostaithe isteach ina n-ionad oibre agus diúltaíonn siad a gcuid dualgas oibre a chomhlíonadh. Baineann stailc oifigiúil le ballóid rúnda, fógra cuí don fhostóir agus smachtbhanna ag Comhdháil na gCeardchumann. Cosc ar ragobair: cuireann fostaithe teorainn lena gcuid ama oibre go dtí an pointe nach n-oibríonn siad ach na huaireanta a shainítear ina gconradh. Diúltaíonn na fostaithe oibriú ar feadh uaireanta breise. Is féidir leis sin cur isteach mór a chruthú, rud a mbíonn orduithe cailte agus díolacháin chailte mar thoradh air, go háirithe ag buaic-amanna trádála m.sh., siopa bréagán um Nollaig nó aerlíne le linn laethanta saoire an tséasúir. Stailc Chomharthach: stad gairid a chur le hobair na n-oibrithe chun aird a tharraingt ar a bhfrustrachas maidir le ceist. Leagann sé sin béim ar an rún atá ann beart níos tromchúisí a dhéanamh mura dtiocfar ar chomhaontú.	15m 4 + 1 7 + 3
(D)	Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann le dea-chaidreamh tionsclaíoch san ionad oibre. • Beidh fostaithe níos sona, rud a chiallaíonn go spreagfar iad níos mó chun obair chrua a dhéanamh, rud a fhágann go mbeidh táirgiúlacht níos airde ann don ghnólacht. • Beidh níos lú neamhláithreachta ann agus ráta athraithe foirne níos ísle, rud a shábhálann airgead don ghnólacht. • Cuirfear leis an gcumarsáid idir fostaithe agus fostóirí. Mar sin, beidh fostaithe níos solúbtha maidir le hathruithe nach mór a dhéanamh sa ghnólacht. • Ciallaíonn dea-chaidrimh tionsclaíocha go mbeidh seans níos lú ann go rachaidh fostaithe ar stailc; mar sin, seachnaíonn an gnólacht an caillteanas clú agus brabúis a bheadh i gceist le stailc. • Spreagann sé infhiontraíocht, as a dtagann smaointe nua agus táirgí nuálacha.	15m 7 + 3 4 + 1

(E)	Déan cur síos ar dhá fheidhm atá ag ceardchumann. • Cosaint a sholáthar do chomhaltaí ar aon chleachtas bainistíochta míchothrom ag fostóirí i leith fostaithe. • Dálaí oibre sláintiúla agus sábháilte a chinntiú dá gcomhaltaí. • Chun an pá is fearr is féidir a fháil dá chomhaltaí. Déanann siad idirbheartaíocht leis na fostóirí agus leis an rialtas chun arduithe pá ginearálta a lorg. • Na fostaithe a eagrú agus ionadaíocht a dhéanamh orthu nuair a bhíonn aighneas idir iad agus an fostóir. Déanfaidh an ceardchumann ionadaíocht ar na daoine aonair agus ar na grúpaí nuair a bhíonn aighneas eatarthu. • Leasanna a gcomhaltaí a chur chun cinn agus a chosaint. • Chun comhairle a sholáthair – is féidir le fostaithe teagmháil a dhéanamh lena gceardchumann chun comhairle a fháil maidir le gach ceist a bhaineann le fostaíocht. • Chun cabhrú lena chomhaltaí slándáil poist agus conarthaí buana a fháil. • Chun idirbheartaíocht a dhéanamh faoi shocraíochtaí iomarcaíochta – déanann an ceardchumann pacáistí iomarcaíochta a idirbheartú murar féidir poist a shábháil. • Gníomhaíocht thionsclaíoch a eagrú má theipeann ar gach idirbheartaíocht.	15m 7 + 3 4 + 1
-----	--	---

CEIST 2:

	Freagraí Féideartha	Marcanna
(A)	Feidhmíonn Ór, Fíor-Im Éireannach, san earnáil thánaisteach i ngeilleagar na hÉireann. (i) Mínigh céard is brí leis an Earnáil Thánaisteach. Tagraíonn an Earnáil Thánaisteach don earnáil déantúsaíochta agus tógála. Amhábhair ón earnáil phríomhúil agus táirgí críochnaithe a dhéanamh dóibh. (ii) Ainmnigh an dá earnáil eile sa gheilleagar. Earnáil Phríomhúil Earnáil Threasach	15m 3 + 2 5 5
(B)	Tabhair breac-chuntas ar dhá dhúshlán atá roimh an earnáil thánaisteach in Éirinn. Ganntanais Lucht Saothair: Tá deacrachtaí ag go leor gnólachtaí san earnáil thánaisteach, m.sh., an earnáil fhoirgníochta, foireann a earcú agus a choinneáil. Bhí tionchar mór aige seo ar phlean an rialtais chun tithíocht a mhéadú ar fud na tíre. Rialachán méadaithe: Mar thoradh ar mhéadú ar rialachán sa tionscal tógála tá méadú ar an gcostas a bhaineann le gnó a dhéanamh. Boilsciú: chuir costais mhéadaithe na n-ábhar agus na bhfóntas go leor brú ar ghnólachtaí. Tháinig méadú mór ar chostais ghnó sna hearnálacha déantúsaíochta agus tógála. Chuaigh an costas déantúsaíochta in airde mar thoradh ar chostas na n-amhábhair, mar aon leis an méadú suntasach ar phraghas na hola. Uathobriú: Agus dul chun cinn ag teacht i dteicneolaíocht amhail DRC (dearadh ríomhchuidithe) agus CAM (déantúsaíocht ríomhchuidithe), bíonn gnólachtaí in ann tuilleadh aschuir a tháirgeadh ach teastaíonn níos lú foirne uathu. Cailleadh post mar thoradh air seo. Iomaíocht ó thíortha ar phá íseal: Tá ráta pá níos ísle ag tíortha san Áise agus in Oirthear na hEorpa ná mar atá in Éirinn. D'fhág sé sin gur bhog gnólachtaí déantúsaíochta ó Éirinn go dtí na tíortha sin. m.sh., in 2021, dhún Sudocrem a mhonarcha i mBaile Dúill, Contae Bhaile Átha Cliath, áit a raibh sé ag feidhmiú ó na 1940idí, agus bhog sé go dtí an Bhulgáir.	15m 7 + 3 4 + 1

(C)	Mínigh an téarma ‘comharchumann’ mar a luaitear sa téacs a chuirtear ar fáil é. Is éard is comharchumann ann ná gnólacht atá faoi úinéireacht agus á rith ag grúpa daoine (seachtar ar a laghad) a bhfuil nasc coiteann acu. Tá sé faoi úinéireacht agus faoi rialú a chomhaltaí. Bíonn cead cainte comhionann ag gach comhalta faoin gcaoi a ndéantar é a bhainistiú, beag beann ar an méid airgid a infheistítear (duine amháin, vóta amháin). Tá úinéirí comharchumainn faoi dhliteanas teoranta. M.sh.. Comhar Creidmheasa.	10m 5 + 5
(D)	(i) Liostaigh trí cháin, seachas cáin chorparáide, a bhailíonn Rialtas na hÉireann. • CBL (Cáin Bhreisluacha) • ÍMAT (Íoc Mar a Thuillir) • Cáin Gnóthachan Caipitiúil • CCÚT (Cáin Choinneála ar Ús Taisce) • MSU (An Muirear Sóisialta Uilíoch) • Dleacht mháil • Dleacht iompórtála • Cáin Fáltais Caipitiúil • Cáin Mhaoine Áitiúil • Cáin Cláraithe Feithiclí • Mótarcháin. (ii) Tabhair breac-chuntas ar iarmhairt amháin a bhaineann le Rialtas na hÉireann a bheith ag brath ar cháin chorparáide. Ioncam laghdaithe – má bhíonn an t-ioncam ó cháin chorparáide níos ísle ná mar a measadh beidh níos lú airgid ar fáil don Rialtas le caitheamh dá bharr. Gan aon dearbhú ioncaim – is féidir le corparáidí ilnáisiúnta (CINanna) agus gnóthais dhomhanda atá lonnaithe in Éirinn bogadh amach as an tír ag am ar bith, agus mar sin is riosca é a bheith ag brath an iomarca ar fháltais na cánach corparáide ó na gnólachtaí seo.	20m 5 5 5 4 + 1

(E)	Déan cur síos ar dhá bhuntáiste a bhaineann geilleagar na hÉireann as ráta íseal dífhostaíochta. • Ioncam cánach méadaithe – Faigheann an Rialtas tuilleadh ioncaim ó cháin ioncaim. • Caiteachas Rialtais laghdaithe – laghdaíonn an Rialtas a gcaiteachas ar leas sóisialta de bharr an lín daoine méadaithe atá ag obair agus as an bheochlár. • Méadaíonn brabús gnó – caitheann fostaithe a dtuilleamh, ,mar sin de, méadaíonn díolachán agus brabúis le haghaidh go leor gnólachtaí. • Caighdeán maireachtála níos fearr – tá fostaithe níos saibhre de bharr fostaíochta agus feabhsaíonn an caighdeán maireachtála. • Feabhas ar infreastruchtúr – ba cheart infreastruchtúr níos fearr sa gheilleagar a bheith mar thoradh ar ioncam Rialtais méadaithe. • Méadú ar IDC – méadaíonn infheistíocht dhíreach choigríche nuair a thuigeann gnólachtaí eile rath an gheilleagair Éireannaigh. • Níos lú imirce – téann níos lú dár ndaoine óga ar imirce mar thoradh ar níos mó fostaíocht, agus laghdaíonn an ‘imirce daoine oilte’. • Méadóidh ioncam méadaithe d’fhostaithe caiteachas tomhaltais agus ardóidh sé an caighdeán maireachtála. Tuilleadh ioncaim CBL don Rialtas.	15m 7 + 3 4 + 1
-----	--	---

CEIST 3:

	Freagraí Féideartha	Marcanna
(A)	(i) Agus úsáid á mbaint as na figiúirí a sholáthraítear, ríomh Comhardú na nÍocaíochtaí do R1 2023. Taispeáin do chuid oibre. Comhardú na nÍocaíochtaí = lomlán na nEaspórtálacha (infheicthe + dofheicthe) – lomlán na nIonmpórtálacha (infheicthe + dofheicthe) lomlán na nEaspórtálacha = €89bn + €83bn = €172bn lomlán na nIonmpórtálacha = €33bn + €85bn = €118bn Comhardú na nÍocaíochtaí = €172bn – €118bn = €54bn NÓ (€89bn - €33bn = €56bn) + (€83bn - €85bn = – € 2bn) = €54bn [mar an gcéanna] NÓ €172bn – €118bn = €54bn [3 + 3 + 4(2+2)] (ii) Luaigh cé acu barrachas nó easnamh atá ann. Barrachas	15m 1 + 1 + 1 1 + 1 + 1 4 (2 + 2) 5
(B)	Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann tomhaltóirí na hÉireann as trádáil idirnáisiúnta. • Tuilleadh rogha – tugann iompórtálacha earraí arna dtáirgeadh thar lear rogha níos leithne, agus earraí ag a bhfuil níos mó éagsúlachta, do thomhaltóirí in Éirinn. Soláthraíonn sé rochtain ar tháirgí nach bhfuil ar fáil in Éirinn. • Trédhearcacht praghsanna – is féidir le tomhaltóirí a bhíonn ag siopadóireacht ar líne praghsanna a chur i gcomparáid le tíortha eile. Bíonn praghsanna níos cothroime ann de bharr na hiomaíochta. • Táirgí ar chaighdeán níos fearr – de bharr iomaíocht mhéadaithe mar thoradh ar thrádáil idirnáisiúnta, tá feabhas tagtha ar chaighdeán na dtáirgí. • Cruthaíonn sé fostaíocht – de réir mar a théann gnólachtaí isteach sna margaí easpórtála, tá níos mó deiseanna fostaíochta ar fáil.	15m 7 + 3 4 + 1
(C)	Mínigh trí cinn ar bith de na bacainní seo a leanas ar thrádáil idirnáisiúnta: Cuóta: teorainn ar líon an earra áirithe is féidir a iompórtáil isteach i dtír. Taraif: cáin a chuirtear ar tháirgí eachtracha. Méadaíonn sé praghas an táirge sin chun tomhaltóirí a spreagadh le hearraí a cheannach ó tháirgeoirí na tíre. Trádbhac: cosc rialtais ar iompórtálacha ó thír áirithe. Fóirdheontais: airgead a thugann rialtas nó an tAontas chuig a ngnólachtaí dúchasacha chun a ligean d'obair a dtáirgí agus seirbhísí a dhíol níos saoire.	20m 4 + 3 4 + 3 4 + 2

(D)	Liostaigh dhá shampla de ghnólachtaí domhanda. Apple, Coca-Cola, Amazon, Dell, Nike, Toyota, Microsoft, Intel, HP, Google, Facebook (Meta), VW .srl.	10m 7 + 3
(E)	Tabhair breac-chuntas ar dhá dhúshlán a bhíonn roimh ghnólachtaí domhanda nuair a bhíonn siad ag feidhmiú i margaí idirnáisiúnta. • Deacrachtaí teanga – beidh gá le feachtais margaíochta agus fógraíochta a aistriú. D'fhéadfadh teachtaireacht a nglactar leis i dtír amháin a bheith maslach i dtír eile agus ábhair mhargaíochta/fógraíochta á n-aistriú. • Difríochtaí cultúrtha – d'fhéadfadh go mbeadh gá leis an táirge a oiriúnú de réir custaim éagsúla i dtíortha éagsúla. • Costais dáileacháin – Costais iompair mhéadaithe mar gheall ar fhad. • Luaineacht airgeadra agus ráta malairte – beidh tionchar ag athruithe airgeadra ar na praghsanna a ghearrann gnólachtaí domhanda agus d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar iomaíochas. • Iomaíocht – iomaíocht ó tháirgeoirí intíre a tháirgeann earraí ardchaighdeán. • D'fhéadfadh cánacha agus dleachtanna a ghearrann tíortha eile lasmuigh den Aontas an praghas díola a ardú agus éileamh a laghdú. • Reachtaíocht – d'fhéadfadh go mbeadh gá le dearadh agus caighdeán táirgí a oiriúnú chun freastal ar dhlíthe sábháilteachta tíortha éagsúla.	15m 7 + 3 4 + 1

CEIST 4

	Freagraí Féideartha	Marcanna
(A)	Tabhair breac-chuntas ar thrí chúis, seachas aois, le dífhostú éagórach. Cine Ní féidir fostaí a dhífhostú mar gheall ar a gcúlra eitneach nó ar dhath a gcraicinn. Ballraíocht den Lucht Taistil Ní féidir fostaí a dhífhostú mar gheall gur ball den lucht taistil é/í. Toircheas Meastar go bhfuil dífhostú maidir le toircheas nó aon ábhar maidir le toircheas, beathú cíche, nó breith a thabhairt míchothrom. Gnéaschlaonadh Ní féidir fostaí a bhriseadh as a p(h)ost mar gheall ar a g(h)néasacht, lena n-áirítear a bheith aerach, leispiach nó déghnéasach. Ballraíocht sa Cheardchumann Ní féidir fostaí a dhífhostú mar gheall ar bhallraíocht de cheardchumann nó mar bhallraíocht de cheardchumann atá molta nó a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí ceardchumainn laistigh nó lasmuigh den ionad oibre. Creidimh Ní féidir fostaí a bhriseadh as an p(h)ost mar gheall ar a t(h)uairimí reiligiúnacha nó polaitiúla. Gnásanna dlíthiúla i gcoinne an fhostóra Ní féidir fostaí a bhriseadh as a p(h)ost má tá sé/sí ag tabhairt cás dlí in éadan a f(h)ostóra nó má tá sé/sí ina f(h)inné i gcás in aghaidh a f(h)ostóra. Saoire Phearsanta Ní féidir fostaí a dhífhostú toisc go bhfuil sé/sí ag baint leasa as cearta dlíthiúla chun saoire mháithreachais, chúramóra, atharthachta, uchtaíoch, tuismitheora nó force majeure. Leithcheal Níl inscne nó míchumas inghlactha mar chúiseanna le dífhostú. Nochtadh cosanta a dhéanamh Ní féidir fostaí a dhífhostú mar gheall ar imní a ardú faoi éagóracha féideartha san ionad oibre. Leanadh gnásanna míchearta. Mura gcloítear leis na gnásanna cearta, lena n-áirítear rabhaidh fhoirmiúla agus scríofa a thabhairt don fhostaí, measfar dífhostú a bheith míchothrom. Rogha éagórach le haghaidh iomarcaíochta. Ní mór gnásanna iomarcaíochta treoirlínte bunaithe a leanúint.	20m 5 + 2 5 + 2 5 + 1

(B)	Tabhair breac-chuntas ar mhodh neamhreachtach amháin chun díospóid caidrimh thionsclaíoch a réiteach. Cruinniú/Caint: Féadfaidh an fostaí agus an fostóir teacht le chéile chun an cheist a phlé agus iarracht a dhéanamh an fhadhb a réiteach. D'fhéadfadh go mbuailfeadh an maor siopa leis an mbainisteoir Acmhainní Daonna chun ceist a bhaineann le fostaí nó grúpa fostaithe a phlé. Idirbheartaíocht: Is éard atá i gceist leis seo ná go suífidh an dá pháirtí síos le chéile chun an cheist a phlé. Leagann gach taobh amach a seasamh agus déanann siad iarracht teacht ar réiteach ar féidir leo glacadh leis. Bíonn margáil i gceist leis seo, nuair nach mór don dá thaobh rud éigin a thabhairt suas. Idirghabháil: Bíonn tríú páirtí rannpháirteach agus déanann sé iarracht cumarsáid a oscailt idir na páirtithe atá páirteach sa choinbhleacht. Comhréiteach: Sa chás seo, éisteann tríú páirtí neamhspleách leis an dá thaobh d'aighneas agus déanann sé iarracht ar na páirtithe a gcuid dearcthaí a chéile a fheiceáil agus iarracht a dhéanamh cabhrú leo teacht ar réiteach. Aontaíonn na páirtithe ar réiteach iad féin. Eadrána: Sa chás seo, a éisteann tríú páirtí neamhspleách leis an dá thaobh in aighneas agus déanann sé moladh an fhadhb a réiteach. De ghnáth, aontaíonn na páirtithe roimh ré go nglacfaidh siad leis an moladh.	10m 7 + 3
-----	---	---------------------------------------

(C)	Mínigh dhá cheann de na cleachtais seo a leanas atá toirmiscthe faoin Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007. (i) Fógraíocht bhréagach nó mhíthreorach Ní féidir le gnólacht faisnéis mícheart a thabhairt do chustaiméirí agus a chuid earraí á gcur i gcomparáid le hearraí a chuid iomaitheoirí. Ní mór dó a bheith soiléir cad é atá san áireamh agus táirge á cheannach agus cad é ar ceart do thomhaltóirí a bheith ag súil leis. (ii) Cur síos bréagach ar tháirge Ní féidir le gnólacht custaiméirí a chur ar mhíthreoir maidir le bunús táirge, úsáid an táirge roimhe sin, earraí bréige/góchumtha a dhíol agus iad ag maíomh gur fíor-earraí iad agus ní féidir leo maímh bréige a dhéanamh faoi dhámhachtain/duais. (iii) Praghsáil bhréagach Ní mór do ghnólacht a bheith macánta le tomhaltóirí faoin bpraghas iarbhír, faoin bpraghas roimhe sin agus faoin bpraghas miondíola molta. Ní mór d'earra a fógraíodh i ndíolachán a bheith ar phraghas níos airde ar feadh 28 lá as a chéile sna trí mhí roimhe sin.	15m 7 + 3 4 + 1
(D)	Ainmnigh an eagraíocht atá freagrach as an Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007, a chur i bhfeidhm. An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC).	10m 3 + 3 + 2 + 2

(E)	Mínigh trí cinn de na gnéithe seo a leanas a bhaineann le conradh dlíthiúil: (i) Comaoin Is é seo an earra luacha a théann idir an dá pháirtí i gconradh dlíthiúil, m.sh. díoltar teach ar €300,000 – is é an teach agus an t-airgead an chomaoin. (ii) Inniúlacht Chonraithe Ní mór do dhuine atá ag déanamh conradh dlíthiúil an cumas dlíthiúil é sin a dhéanamh: a bheith os cionn 18 mbliana d’aois, slán ina m(h)eabhair, gan a bheith faoi thionchar alcóil/drugaí. (iii) Toiliú le Conrú Ní mór do gach páirtí a théann isteach i gconradh é sin a dhéanamh as a stuaim féin – ní féidir iallach a chur orthu conradh a dhéanamh. (iv) Dlíthiúlacht Cuspóra Ní mór do chonarthaí a bheith faoin réim an dlí – ní féidir conradh a dhéanamh le haghaidh gníomhaíochtaí mídhleathacha/coiriúla.	20m 4 + 3 4 + 3 4 + 2
-----	---	--

CEIST 5:

	Freagraí Féideartha	Marcanna
(A)	Mínigh riosca amháin agus luach saothair amháin d'fhiontraithe a bhunaíonn a ngnólacht féin. Rioscaí: • Fadhbanna airgeadais / Gan dearbhú ioncaim / féimheacht féideartha – d'fhéadfadh deacrachtaí ollmhóra airgeadais a bheith ag fiontraí má theipeann ar ghnó. • Deacair airgeadas a chruinniú/iasachtaí a fháil – b'fhéidir go mbeadh sé deacair airgead a chruinniú don ghnólacht. • Strus – ní mór uaireanta fada a oibriú chun gnólacht a chur ar a chosa. Is féidir le bunú gnólachta nua a bheith ina chúis le go leor struis agus d'fhéadfadh go mbeadh tnáitheadh ann. • Iomaíocht – b'fhéidir nach mbeidís in ann dul san iomaíocht le gnólachtaí atá ann cheana maidir le cáilíocht seirbhíse agus praghaís, rud a laghdódh díolacháin agus brabús. • Teip gnólachta – d'fhéadfaí nach n-éireoidh leis an tsamhail ghnó, rud a chuirfeadh iallach ar an ngnólacht dúnadh. Cuireann an fiontraí a cháil i mbaol mura n-éiríonn leis an ngnólacht. Luach Saothair: • Duaiseanna Airgeadais - is féidir le gnólacht rathúil brabús maith a ghiniúint don fhiontraí. • Neamhspleáchas - tá smacht ag an bhfiontraí ar a s(h)aol oibre féin agus déanann sé/sí cinntí a oireann dó/di féin. • Sásamh – tugtar luach saothair don dúshlán a bhaineann le gnólacht a bhunú má éiríonn leis an ngnólacht. • Saibhreas a ghiniúint do dhaoine eile – fostaíocht a sholáthar, cruthú gnólachta seachtháirge srl. • Cruthú fostaíochta – d'fhéadfaí go mbainfidh tairbhe le poist a chruthú i gceantar. • Solúbthacht – uaireanta oibre féin a roghnú, a ngnólacht féin a rith mar is cuí leo. • Tionchar dearfach ar an tsochaí – tacú leis an bpobal áitiúil, cruthú post.	15m 4 + 4 4 + 3

(B)	(i) Ordlaithas Riachtanas Maslow. Sainaithin na céimeanna atá in easnamh agus a bhfuil na lipéid 1 agus 4 orthu. 1. Bunriachtanais dhaonna/fhiseolaíocha 4. Riachtanais mheasa	20m 7 3
	(ii) Agus úsáid á baint agat as an eolas ón téacs a chuirfear ar fáil, sainaithin an dóigh a sásaíonn Blizzard Entertainments riachtanais sábháilteachta agus riachtanais shóisialta a gcuid fostaithe.	
	Riachtanais sábháilteachta: Tairgeann Blizzard pacáiste cuimsitheach cúram sláinte agus árachais dá fhostaithe.	5
	Riachtanais shóisialta: Bíonn imeachtaí foirne ar fud na cuideachta i ngach oifig ag Blizzard.	5
(C)	Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann gnólacht as stíl dhaonlathach cheannaireachta a bheith in úsáid ag na bainisteoirí. • Ardmheanma na foirne: beidh fostaithe níos spreagtha, rud a fhágann go mbeidh táirgiúlacht níos airde. • Infhiontraíocht: féadfaidh an fhoireann smaoineamh ar smaointe nuálacha don ghnólacht. • Ráta athraithe foirne íseal mar go bhfuil an fhoireann sásta. • Neamhláithreacht íseal ar bhonn rialta. • Ullmhaíonn tarmligean oibre an fhoireann le haghaidh ardú céime. • Baintear leas as scileanna agus buanna gach duine, rud a chomhlíonann riachtanais urraime fostaithe. • Bíonn níos mó ama ag an mbainisteoir díriú ar rudaí tábhachtacha agus seachnaíonn sé/sí an baol go mbeadh tnáitheadh ann.	15m 7 + 3 4 + 1

(D)	Tabhair breac-chuntas ar dhá mhíbhuntáiste a bhaineann le bheith ag obair i bhfoirne. • Coinbhleacht – d’fhéadfadh go dteipfeadh ar thionscadal, go mbeadh drochmheanma ann san fhoireann srl. – de thoradh ar bhaill foirne nach n-oibríonn go maith le chéile, nach bhfuil in ann teacht ar chomhaontú srl. • Cinnteoireacht mhall – ní mór cloisteáil le tuairimí/smaointe gach ball foirne agus b’fhéidir go nglacfar rófhada cinntí a dhéanamh dá bharr • Baill foirne cheannasacha – b’fhéidir gur mhaith le roinnt ball foirne a gcuid guthanna amháin a chloisteáil agus b’fhéidir nach n-éistfidh siad le smaointe/tuairimí daoine eile. • Foirne a bhíonn ag caint agus gan aon ghníomh á ghlacadh acu – b’fhéidir nach gcomhlíonfaidh roinnt foirne gach rud a cuireadh rompu, ní bhítear ach ag caint sa chruinniú foirne agus ní chuirtear a dhóthain oibre i gcrích i ndáiríre.	15m 7 + 3 4 + 1
(E)	Tabhair breac-chuntas ar dhualgas amháin atá ar Blizzard mar rialaitheoir sonraí maidir le sonraí a gcustaiméirí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS). • Sonraí a úsáid chun críche sainithe – ní féidir faisnéis a úsáid ó dhuine aonair ach amháin chun na críche ar tógadh é. • Sonraí fháil go cothrom – ní mór a chur in iúl do chustaiméirí cén fáth a bhfuil sonraí á mbailiú. • Sonraí a choinneáil sábháilte agus slán – tá oibleagáid ar ghnólachtaí sonraí a stóráil go sábháilte agus an baol a bhaineann le rochtain neamhúdaráithe a laghdú. • Sonraí a scriosadh – ní mór do ghnólachtaí sonraí custaiméirí a scriosadh a luaithe a úsáidtear na sonraí chun na críche sainithe. • Sonraí a sholáthar arna iarraidh sin – tá sé de cheart ag daoine aonair rochtain a fháil ar a gcuid sonraí laistigh de 30 lá ó iarratas.	10m 7 + 3

CEIST 6:

	Freagraí Féideartha	Marcanna
(A)	Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann custaiméirí as aipeanna a úsáid le haghaidh seirbhísí baincéireachta. • Áisiúil – ligeann aipeanna do chustaiméirí rochtain a fháil ar a gcuntais 24/7 rud a laghdaíonn an gá cuairt a thabhairt ar bhraintí bainc nach bhfuil ar oscailt ach amháin ar feadh uaireanta oifige i rith na seachtaine. • Sábhálann sé am agus airgead - is féidir le custaiméirí idirbhearta baincéireachta éagsúla a dhéanamh trína n-aipeanna gan aon am a ghlacadh chun freastal ar bhraintí. • Rochtain ar shaoráidí coigiltis agus iasachta – is féidir le custaiméirí airgead a shábháil agus iarratas a dhéanamh ar iasachtaí trína n-aipeanna baincéireachta agus faomhadh tapa a fháil. • Faisnéis atá cothrom le dáta - déantar iarmhéideanna bainc a nuashonrú go laethúil agus is féidir iad a sheiceáil am ar bith ar an aip.	15m 7 + 3 4 + 1
(B)	Ainmnigh agus mínigh dhá chineál árachais a d'fhéadfadh a bheith ag teaghlach, seachas árachas gluaisteáin. Árachas Maoine/Tí/Tógála – chun caillteanas airgeadais na bhfoirgneamh a chlúdach i gcás dóiteáin, tuilte, buirgléireachta nó damáiste. Árachas Inneachair - osnaíonn in aghaidh damáiste do throscaín agus do threalamh tí i gcás dóiteáin, tuilte nó gadaíochta. Árachas Sláinte – clúdaíonn sé duine árachaithe maidir le costais cuairteanna chuig dochtúirí, ar ghnásanna ospidéal, srl. Árachas peataí – clúdaíonn sé costais pháirteacha cuairteanna chuig an tréidlia, gnásanna srl. maidir le peataí tí. Árachas Cosanta Morgáiste – i gcás ina bhfaigheann páirtí amháin i morgáiste bás le linn shaolré an mhorgáiste, glanann an t-árachas seo iarmhéid an mhorgáiste atá le híoc. Árachas Saoil – íoctar cnapshuim le baill den teaghlach ar bhás an duine árachaithe. Árachas Dlíteanais Phoiblí - cosnaíonn an gnólacht ó éilimh a dhéanann daoine den phobal ar thimpistí ar an áitreabh. Árachas giuirléide – clúdaíonn sé caillteanas/damáiste do ghléasanna amhail fóin chliste. Chomh maith leis seo: Árachas Taistil, Árachas Cosanta Tuarastail.	15m 7 + 3 4 + 1

(C)	Mínigh dhá cheann de na prionsabail árachais seo a leanas agus tabhair sampla amháin i ngach cás. Meon lánmhaith: Ní mór do dhuine a fhaigheann árachas a bheith macánta agus an fhoirm thogra á c(h)omhlánú aige/aici – ní mór gach fíric ábhartha a dhearbhu. Is éard is fíric ábhartha ann ná aon ní a théann i bhfeidhm ar an leibhéal riosca a iarrtar ar an árachóir a chlúdach agus mar sin an phréimh a ghearrtar. Sampla: Teach ceann tuí, teach in aice le habhainn, riocht leighis, duine a chaitheann tobac maidir le hárachas sláinte. Ní mór na fíricí ábhartha seo a nochtadh. Leas inárachais: Ní mór leas airgeadais a bheith ag an duine a fhaigheann árachas san earra atá á chur faoi árachas acu – ní mór dó/di gnóthú a bhaint as an earra a bheith ann agus a fhulaingt ó thaobh airgid de maidir le caillteanas airgeadais an earra. Sampla: Is féidir le daoine a dteach féin a árachú ach níl aon leas inárachais acu in árachú a dhéanamh ar theach a gcomharsan. Slánaíocht: Ní féidir le duine brabús a dhéanamh as árachas – is é cuspóir an árachais an duine a fhágáil sa staid airgeadais chéanna a bhíodar sular tharla an caillteanas. Cosnaíonn sé seo an t-árachóir ó ró-árachas. Sampla: Carr a cuireadh faoi árachas ar €30,000. Luach margaidh €20,000. Ní bhfaighidh an t-árachaí ach cúiteamh €20,000 i gcás díscríofa de bharr timpiste.	20m 6 4 6 4
(D)	Mínigh an dóigh a n-oibríonn morgáiste. Is iasacht é morgáiste chun teach a cheannach/a thógáil. Aisíoctar an morgáiste le hús thar thréimhse ama fada m.sh. 20-30 bliain. Coinníonn an institiúid airgeadais gníomhais na maoin go dtí go n-íoctar an morgáiste go hiomlán mar chomhthaobhacht, i gcás loicthe.	10m 5 + 5
(E)	Liostaigh trí thoisc a ndéanfaidh institiúid airgeadais/cuideachta teicneolaíochta airgeadais measúnú orthu sula dtabharfaidh siad morgáiste do chustaiméir. • Stair chreidmheasa • Cumas íoc ar ais • Comhthaobhach • Fostaíocht • Cáin • Nósanna caiteachais	15m 5 5 5

CEIST 7:

	Freagraí Féideartha	Marcanna
(A)	Mínigh dhá chineál éagsúla luacha saothair (airgeadais agus neamhairgeadais), seachas pá, is féidir le fostóirí a thairiscint d'fhostaithe. • Sochar comhchineáil: foirm ioncaim neamhairgid, m.sh., carr, ríomhaire glúine • Bónas: íocaíocht bhreise as sprioc a bhaint amach. • Scéim scairúinéireachta: an rogha d'fhostaithe scaireanna sa ghnólacht a cheannach ar phraghas lascainithe • Promóisean: seasamh níos airde laistigh den ghnólacht • Saibhriú poist: Ciallaíonn sé seo níos mó freagrachta agus ionchuir a sholáthar d'fhostaithe maidir le cinnteoireacht. • Méadú poist: ciallaíonn sé seo éagsúlacht na dtascanna a mhéadú chun leadrán a mhaolú. • Roinnt brabúis: tugtar sciar de na brabúis d'fhostaithe. • Tugann fleisc ama an tsaoirse d'fhostaithe a gcuid uaireanta féin a roghnú laistigh de fhráma ama comhaontaithe. • Ragobair: pá breise as uaireanta breise a oibriú os cionn na seachtaine oibre socraithe. • Postroinnt: roinneann beirt fostaithe post. • Coimisiún - tuilleann pearsanra díolacháin céatadán de luach díola na dtáirgí.	15m 7 + 3 4 + 1

(B)	Mínigh dhá cheann ar bith de na feidhmeanna seo a leanas a bhíonn ag Bainisteoir Acmhainní Daonna: Pleanáil Daonchumhachta Is é atá i gceist leis seo go bhfuil an líon ceart foirne ag an ngnólacht leis na scileanna cearta san áit cheart ag an am ceart. Is é atá i gceist leis ná riachtanais foirne a bheidh ann a amach anseo a thuar. Is é atá i gceist leis ná iniúchadh a dhéanamh ar na leibhéil daonchumhachta atá ann faoi láthair, na riachtanais foirne a bheidh ann amach anseo a thuar, agus pleanáil chun líon na bhfostaithe a mhéadú nó a laghdú. Oiliúint agus Forbairt Is éard atá i gceist le hoiliúint ná na scileanna, an t-eolas agus na dearcthaí a theastaíonn ó fhostaithe a sholáthar chun cumas níos fearr a bheith acu a gcuid post a dhéanamh. D'fhéadfadh ionduchtú, oiliúint ar an láthair oibre, agus oiliúint lasmuigh den láthair oibre a bheith san áireamh san oiliúint. Tagraíonn forbairt d'fheabhas a chur ar an duine iomlán seachas díreach scileanna an phoist a mhúineadh don oibrí. Soláthraíonn an forbairt scileanna breise a ullmhaíonn fhostaithe le haghaidh oibre níos dúshlánaí agus le haghaidh arduithe céime. Measúnú Feidhmíochta Is athbhreithniú é seo ar dhul chun cinn fostaí thar thréimhse ama ar leith. Déantar feidhmíocht na bhfostaithe a thomhas i dtaca leis na spriocanna a leagtar síos agus tugtar luach saothair dóibh dá réir. Déanann Bainistíocht Acmhainní Daonna é chun caighdeán na hoibre, acmhainneacht an fhostaí, riachtanais oiliúna, luach saothair, srl. a shainaithint. De ghnáth bíonn sé i bhfoirm agallaimh.	15m 7 + 3 4 + 1
-----	---	---

(C)	Ní mór don Bhainisteoir Acmhainní Daonna sainchuntas poist agus sonraíocht faoin bpearsa a ullmhú sula n-earcaítear baill foirne nua. (i) Liostaigh dhá ní a bhíonn i sainchuntas poist. Léiríonn an doiciméad seo sonraí faoin bpost/faoin bhfolúntas atá le líonadh, lena n-áirítear • Teideal an Phoist • Sonraí na hoibre • Áit oibre • Dualgais agus freagrachtaí • Tuarastal agus coinníollacha • Uaireanta oibre • Duine dá dtabharfaidh an t-iarratasóir tuairisc (ii) Liostaigh dhá ní a bhíonn i sonraíocht faoin bpearsa. • Scileanna • Tréithe/Saintréithe • Taithí oibre • Cáilíochtaí	20m 5 5 5 5
(D)	Tabhair breac-chuntas ar dhá thionchar dhiúltacha a bhíonn ag an teicneolaíocht ar fhostaithe. • D'fhéadfadh iomarcaíochtaí tarlú mar gheall ar theicneolaíocht a bheith ann in ionad fostaithe. Caillfear post agus d'fhéadfadh fadhbanna caidrimh thionsclaíocha a bheith ann mar thoradh ar innealra nó trealamh nua a oibrítear go leictreonach atá in ann obair dhaoine a dhéanamh anois. • Is féidir leis an teicneolaíocht nua an chaoi a gcomhlíonann fostaithe a gcuid dualgas a athrú. Ní mór d'fhostaithe oiliúint a fháil chun a chinntiú gur féidir leo a gcuid tascanna a dhéanamh. • D'fhéadfadh tionchar a bheith ag an teicneolaíocht ar shláinte agus ar fholláine fostaithe. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag nochtadh méadaithe don teicneolaíocht ar radharc na súl, ar bhrú droma, ar fhadhbanna codlata agus ar shláinte ar an iomlán.	15m 7 + 3 4 + 1
(E)	Mínigh an téarma 'Cumhachtú Fostaithe'. Is é atá i gceist le cumhachtú fostaithe ná an bhainistíocht ag tabhairt na cumhachta agus na saoirse d'fhostaithe cinntí a dhéanamh as a stuaim féin. Is é atá i gceist leis ná freagrachtaí a thabhairt d'fhostaithe as próisis áirithe san ionad oibre, ualach oibre bainistíochta a laghdú, agus fostaithe a spreagadh ag an am céanna.	10m 7 + 3

CEIST 8:

	Freagraí Féideartha	Marcanna
(A)	(i) Mínigh an téarma ‘olltáirgeadh’. Bain úsáid as sampla chun do fhreagra a léiriú. Is é atá i gceist le táirgeadh holltáirgeacht ná táirgí comhionanna a thairgeadh ar scála mór, ag baint úsáide as córas uathoibrithe leanúnach. Déantar táirgí i méideanna ollmhóra don stoc, rud a fhágann barainneachtaí scála. Sampla: Earraí stánaithe, milseogra, soláthairtí glantacháin tí. (ii) Ainmnigh modh táirgthe amháin eile. Jabtháirgeadh Baisctháirgeadh	15m 6 4 5
(B)	(i) Mínigh an téarma ‘mórdhíoltóir’. Ceannaíonn an mórdhíoltóir (meáncheannaí) earraí ar an mórchóir ó mhonaróirí. Briseann siad síos an bulc agus díolann siad é i gcainníochtaí níos lú leis an miondhíoltóir. (ii) Léirigh, agus úsáid á baint agat as léaráid, bealach dáileacháin ina bhfuil mórdhíoltóir san áireamh. MONARÓIR 3 ↓ MÓRDHÍOLTÓIR 3 ↓ MIONDHÍOLTÓIR 2 ↓ TOMHALTÓIR 2 MONARÓIR 3 ↓ MÓRDHÍOLTÓIR 3 ↓ MIONDHÍOLTÓIR / TOMHALTÓIR 4	20m 6 + 4 10
(C)	Mínigh, agus sampla san áireamh agat, an téarma ‘táirgí féinbhranda’. Is éard is táirgí féinbhranda ann ná táirgí a bhfuil ainm agus lógó an siopa orthu, siopa a dhíolann earraí chucu, de ghnáth ar phraghas níos saoire. Sampla: Púdar Bith-Níocháin Super Valu, Calóga Arbhair Super Valu.	10m 6 4

(D)	Tabhair breac-chuntas ar dhá theicníc chun díolacháin a chur chun cinn a bhféadfadh miondíoltóirí ar nós SuperValu úsáid a bhaint astu chun díolacháin a mhéadú. Comórtais – Baineann miondíoltóirí úsáid as comórtais mar mhodh chun líon na gcustaiméirí/ndíolachán a mhéadú. D'fhéadfadh sé seo a bheith i bhfoirm comórtais ar an láthair, i bhfoirm bailithe cúpóin srl. Cártaí dílseachta – is modh an-choitianta iad cártaí dílseachta chun díolacháin a mhéadú. Faigheann custaiméirí lascainí móra, dearbháin praghasghearrtha srl. de réir mar a chaitheann siad. Ceannaigh ceann, faigh ceann saor in aisce / tairiscintí 3 ar phraghas 2 – táirgí áirithe a uasghrádú trí tháirge breise a thairiscint saor in aisce. Bronntanas / samplaí saor in aisce – bronntanas saor in aisce a thairiscint nuair a cheannaítear earraí áirithe nó samplaí saor in aisce de tháirge chun tomhaltas a spreagadh.	15m 7 + 3 4 + 1
(E)	Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann SuperValu as urraíocht a dhéanamh ar Chraobhchomórtais na hÉireann sa Pheil. • Aitheantas/nochtadh branda – nochtar branda SuperValu do lucht spéise leathan le tinreamh agus lucht féachana teilifíse na craobhe peile. • Dílseacht custaiméirí – tacaíonn custaiméirí le heagraíochtaí a dhéanann urraíocht ar imeachtaí srl. a mbíonn díolacháin mhéadaithe mar thoradh orthu. • Laghdaíonn sé cáin – is costas de chuid an ghnólachta í urraíocht a laghdaíonn an glanbhrabús, rud a laghdaíonn bille na cánach corparáide. • Caidreamh poiblí/dea-thoil feabhsaithe – cruthaítear próifíl dhearfach don eagraíocht trí urraíocht a dhéanamh ar chluichí náisiúnta.	15m 4 + 4 4 + 3

CEIST 9:

	Freagraí Féideartha	Marcanna
(A)	(i) Tabhair breac-chuntas ar mhodh amháin chun smaointe a ghiniúint a bhféadfadh gnólacht mar Keogh's úsáid a bhaint as. • Taighde agus Forbairt: Tá rannóg T&F ar leith freagrach as smaoineamh ar smaointe. • Taighde Margaidh: Is féidir le gnólacht suirbhé a dhéanamh ar thomhaltóirí chun aiseolas a fháil agus smaointe a lorg. • Iomaitheoirí: táirge nó seirbhís iomaitheora a chóipeáil, a oiriúnú nó a fheabhsú. • Tobsmaointeoireacht: Tagann fostaithe le chéile, agus pléann siad smaointe lena chéile. • Ionadú Iompórtála: Déanann fiontraí nó gnólacht Éireannach táirge atá á iompórtáil faoi láthair. • Aiseolas custaiméara: Éist leis an méid atá ag teastáil ó chustaiméirí agus táirge a dhéanamh a oireann dá riachtanais. • Aontaí Trádála: D'fhéadfadh gnólachtaí freastal ar sheónna trádála chun iad a spreagadh chun táirgí nua a dhéanamh. • Infhiontraíocht: Fostaí atá nuálach agus fiontrach laistigh de ghnó. Forbraíonn fostaí bealaí nua chun rudaí a dhéanamh agus smaointe maidir le táirgí nua. • Taisteal Eachtrach – D'fhéadfadh fiontraí táirge/seirbhís rathúil a fheiceáil thar lear agus a leithéid a bhunú in Éirinn. • Idirlíon/Na Meáin – smaointe ó nuachtáin, ón teilifís, ón raidió, ó shuíomhanna gréasáin. • Treochtaí – Coinneoidh fiontraí súil ar threochtaí an mhargaidh chun táirge/seirbhís nua a shainaithint.	15m 7 + 3
	(ii) Mínigh an téarma 'forbairt fréamhshamhla'. Is é atá i gceist le Forbairt Fréamhshamhla ná samhail nó sampla oibre tosaigh de tháirge a dhéanamh. Déantar é chun a thaispeáint gur féidir an táirge a dhéanamh i ndáiríre, chun athruithe féideartha a bhfuil gá leo a shainaithint agus chun é a thástáil ar chustaiméirí féideartha.	4 + 1

(B)	Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis a ndéanadh gnólacht taighde margaidh sula seolfadh sé táirge nua. • Chun tuilleadh eolais a fháil faoi iomaitheoirí agus táirge níos fearr a tháirgeadh chun fanacht chun tosaigh ar a chuid iomaitheoirí. • Chun riachtanais agus mianta custaiméirí a fháil amach, treochtaí a shainaithint agus chun táirge a tháirgeadh a shásaíonn an riachtanas sin. • Chun cuidiú leis an bpraghas cuí a ghearradh – an praghas atá an spriocmhargadh toilteanach a íoc. • Is féidir é a úsáid chun freagairt custaiméara ar tháirge a thástáil, rud a laghdaíonn an baol go dteipfidh ar an táirge. • Chun an spriocmhargadh a shainaithint agus faisnéis a sholáthar ina leith. Díreoidh an gnólacht an táirge ar an ngrúpa seo agus laghdóidh sé cur amú airgid a d'fhéadfadh a bheith ann. • Chun méid an mhargaidh agus acmhainneacht an mhargaidh a fháil amach. • Chun an cineál cur chun cinn is fearr a fháil amach chun custaiméirí a mhealladh. • Is féidir táirgí a thástáil ar chustaiméirí ionchasacha chun aiseolas a fháil ar fheabhsuithe féideartha.	15m 7 + 3 4 + 1
(C)	Mínigh dhá fheidhm atá ag pacáistiú táirge i gcás gnólachta ar nós Keogh's. • Aird a tharraingt: is féidir le pacáistiú cabhrú le táirge a bheith inaitheanta láithreach. Is féidir le pacáistiú nuálach aird an chustaiméara a fháil. • Cosaint: an táirge a choinneáil sábháilte. Ba cheart don phacáistiú an táirge a chosaint agus a cháilíocht a chaomhnú. • Faisnéis a sholáthair: soláthróidh an pacáistiú faisnéis amhail treoracha úsáide, comhábhair, dátaí ar fearr rompu, srl. • Áisiúlacht: cuireann an pacáistiú ar chumas gnólachta éagsúlachtaí den táirge a thairiscint do thomhaltóirí de réir mar a oireann dá riachtanais, m.sh. pacáiste in-athdhíolta. • Íomhá: Is féidir leis an dath, an cruth agus an dearadh a úsáidtear ar an bpacáistiú íomhá áirithe den táirge a léiriú.	15m 7 + 3 4 + 1

(D)	Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis a bhféadfadh gnólacht roghnú leathnú a dhéanamh. • Barainneachtaí scála: D'fhéadfadh gnólacht leathnú chun costais a laghdú. Dá mhéad táirgí a tháirgeann an gnólacht, is lú an costas a bhaineann le gach ceann a dhéanamh. • Éagsúlú: D'fhéadfadh gnólacht éagsúlú a dhéanamh chun é féin a chosaint ó sháithiú féideartha sa mhargadh nó ó iomaíocht. is éard atá i gceist leis seo ná dul isteach i margadh iomlán difriúil. D'fhéadfadh an gnólacht gnóthas eile a cheannach nó tús a chur le táirge nó seirbhís a sholáthar i réimse nach mbaineann go hiomlán leis. Cuidíonn sé seo leis an mbaol a roinnt maidir le teipeadh i margadh áirithe amháin. • Díolacháin agus brabúsacht a mhéadú: Is féidir le fás agus forbairt brabúsacht agus neart airgeadais an ghnólaigh a mhéadú. • Deireadh a chur le hiomaíocht: D'fhéadfadh gnólacht cumasc le hiomaitheoir nó táthcheangal a dhéanamh d'fhonn sciar den mhargadh a choinneáil. • Uaillmhian: Is daoine uaillmhianacha iad roinnt daoine gnó agus taitníonn dúshláin leo. B'fhéidir gur mhaith leo a bheith ar dhuine de na daoine is rathúla ina dtionscal nó go leor airgid a dhéanamh. B'fhéidir gur mhaith leo iad féin a chur chun cinn agus a fhás agus a fhorbairt chun é seo a dhéanamh. • Soláthairtí a chosaint: Féadfaidh gnólacht fás agus forbairt trí a sholáthraí a cheannach. Tugtar comhtháthú ingearach ar gcúl air seo.	15m 7 + 3 4 + 1
(E)	Mínigh dhá fhoinsé fhadtréimhseacha airgeadais ar bith as an liosta thíos a d'fhéadfadh Keogh's a úsáid chun an leathnú a mhaoiniú. (i) Deontas (ii) Iasacht Fhadtréimhseach (iii) Scairchaipiteal Deontas Is suim airgid neamh-inaisíochta é seo a thugann gníomhaireachtaí rialtais do ghnólacht, gníomhaireachtaí amhail Fiontraíocht Éireann agus oifigí Fiontair Áitiúil, chun maoiniú a chur ar fáil don fhás agus forbairt. Níl aon aisíocaíochtaí nó táillí úis ar an deontas. Níor cheart deontais a úsáid ach amháin chun críocha ainmnithe, agus uaireanta gabhann coinníollacha leo. Iasacht Fhadtréimhseach Urraítear iasachtaí os cionn cúig bliana ar shócmhainní sheasta an ghnólaigh. Ráta sainithe úis agus dáta aisíocaíochta. Scairchaipiteal Is é seo an t-airgead a sholáthraíonn infheisteoirí, ar a dtugtar scairshealbhóirí. Is iadsan úinéirí an ghnólaigh agus faigheann siad céatadán den bhrabús ar a dtugtar díbhinn. Níl aon urrús ag teastáil.	15m 4 + 4 4 + 3

